GX419

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDAITHE AN tSAMHRAIDH 2000

ARD DIOPLÓMA SAN OIDEACHAS

PÁIPÉAR 1 ED819
CURACLAM AGUS MEASÚNÚ

An Bráthar Ó Nualláin
Séamas Mac Giolla Uain
Seosaimhín Ní Bheoláin

Tá 2 cheist le déanamh as 4 cheist strúchtúra. **Freagair 2 cheist go hiomlán**
Moltar uair an chloig go leith a chaitheamh ar an Roinn *Curaclam agus Measúnú*

Ceist 1

a) "Nuair a luaitear an focal *curaclam* is éard a thagann chun cuimhne go hiondúil ná na hábhair léinn a mhúintear ar scoil do dhaltaí. Ach, tá i bhfad níos mó brí le baint as an bhfocal ná sin."

Mínigh an ráiteas seo, de réir na tuisceana atá againn faoin teárma seo faoi láthair.

(5 marcanna)

b) Deirtear go bhfuil gá le hathraithe fealsúnachta i gcur chuige an churaclaim - ó "cur chuige traidisiúnta" go dtí "cur chuige nua-aimseartha". Cád iad na príomh tréithe den dá cheann, ó thaobh ról an mhúinteora agus ról an dalta de sa rang. Bain úsáid as samplaí éagsúla agus do tháithí féin chun do phointí a léiriú

(12 marcanna)

c) Conas a úsáidtear nascanna nó gníomhaíochtaí traschuraclamacha chun foghlaim a chur chun cinn sa rang? Roghnaigh ábhar atá agat féin agus aon ábhar eile chun samplaí a thabhairt.

(8 marcanna)

/

Ceist 2

a) Déan cur síos, go h-achomair, ar na príomh gnéithe atá faoi chaibidil maidir le dul chun cinn an Teastas Shóisearaigh faoi láthair.

(5 marcanna)

b) Nuair a pléitear an Teastas Sóisearach, luaitear na coincheaptha "bailíocht" agus "iontaofacht" an mheasúnaithe go hiondúil sa dióspoireacht. Mínigh na téarmaí seo agus tabhair cuntas ar a ról sa chóras measúnaithe sa chomhthéacs seo.

(10 marcanna)

c) De réir na cáipéise, "*An Teastas Sóisearach - Gnéithe le Plé*", tá an chosúlacht ann go n-aithneofar cúpla tréith go príomha i bhforbairt na measúnachta don Teastas Sóisearach amach anseo, le focas níos láidre ar mheasúnacht bunaithe sa scoil áitiúil a chur san áireamh.

Déan meastóireacht ar an gconspóid maidir le measúnú ar bhonn scoile i gcomhthéacs na sraithe shóisearaigh in Éirinn faoí latháir.

(10 marcanna)

Ceist 3

a) Deirtear gur féidir cur síos ar aon chóras measúnachta mar chóras a thiteann idir líon áirithe foirceann, mar shampla,

- eagraithe go lárnach ⇔ eagraithe ar bhonn áitiúil
- scrúdaithe ceann scríbe ⇔ measúnacht leanúnach
- measúnú seachtrach ⇔ measúnú bunaithe sa scoil
- measúnú múnlaitheach ⇔ measúnú suimitheach/achoimritheach

Roghnaigh <u>dhá</u> chlár ón réimse thíos agus cuir i gcosúlacht iad ó thaobh na dtréithe thuas luaite.

(i) An Teastas Sóisearach
(ii) Clár Scoile an Teastas Shóisearaigh
(iii) Clár na hIdirbhliana
(iv) An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
(v) Clár Gairm na hArdteistiméireachta
(vi) Clár Iar-Ardtéistiméarachta atá teastaithe ag NCVA/CNCG

(10 marcanna)

b) Tabhair sainmhíniú ar an téarma "measúnú múnlaitheach" agus déan cur síos ar mhodhanna óiriúnacha atá ar fáil chun é a chur i gcrích go héifeachtach i do rang. Bain úsáid as samplaí cuí ábharthacha.

(8 marcanna)

c) "Nuair a dheartar scrúdú scríofa, ba cheart go mbeadh na cineálacha ceisteanna ar chomhchéim leis an cineál scile agus an leibhéal scile."

Mínigh an ráiteas seo. Tabhair samplaí de cineálacha éagsúla cheisteanna.

(7 marcanna)

Ceist 4

a) Déan cur síos ar na céimeanna ar leith atá i gceist nuair a deartar an curaclam.

(10 marcanna)

b) "Níl aon rud chomh conspóideach i dteoric an churaclaim ná na feidhmeanna a bhaintear as na cuspóirí"

Mínigh an léirmheas a bhí ag Stenhouse (agus údair eile) ar chur chuige Bloom agus na cuspóirí iompraíochta. Déan meastóireacht ar ábharthacht na n-argóintí i bhfábhar agus i gcoinne cúspóirí sa lá atá inniu ann.

(5 marcanna)

c) Mar thoradh ar do thaithí féin ag dearadh curaclaim le déanaí, cad é fiúntas an phróiseís seo don mhúinteoir gairmiúil? Déan tagairt do do thaithí féin ag dearadh churaclaim.

(10 marcanna)